An Roinn Oideachais agus Scileanna

Department of Education and Skills

Cigireacht Leantach

TUAIRISC

Ainm na scoile	Coláiste Mhuire
Seoladh na scoile	Bóthar Ráth Tó Baile Átha Cliath 7
Uimhir rolla	60450U

Dáta na cigireachta: 19-05-2017

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

Cigireacht Leantach

Scríobhadh an tuairisc seo i nGaeilge. Tá aistriúchán Béarla ar fáil ag deireadh na tuairisce.
This report was written in Irish. An English translation is provided at the end of the report.

Cineál na cigireachta bunaidh: MSU - BCF **Dáta na bunchigireachta:** 05-12-2014 **Tuairisc foilsithe:** Bhí	**Dáta na cigireachta leantaí:** 19-05-2017

Gníomhaíochtaí a bhí mar chuid den chigireacht leantach

Bhí na gníomhaíocthaí seo a leanas mar chuid den chigireacht leantach

- Cruinniú leis an bhfoireann bainistíochta shinsearach
- Cruinniú le múinteoirí/baill foirne ábhartha eile
- Athbhreithniú ar cháipéisí agus ar thaifid scoile, agus ar obair na scoláirí
- Breathnú ar theagasc agus ar fhoghlaim
- Caidreamh le scoláirí

Moladh sa tuairisc chigireachta bhunaidh	**An dul chun cinn atá déanta go dtí seo ar chur i bhfeidhm an mholta**
Moltar go mbeadh tuilleadh plé i measc na foirne ar litearthacht na Gaeilge agus go n-aontófaí straitéisí le cur i bhfeidhm chun feasacht na foirne agus na scoláirí ina leith a fhorbairt.	**Dul chun cinn an-mhaith** Léiríonn taifid scoile go ndéantar plé rialta i measc na foirne agus an bhoird bhainistíochta ar na straitéisí chun litearthacht na Gaeilge a chur chun cinn. Sna comhráití a bhí ag an gcigire le múinteoirí agus le scoláirí le linn na cigireachta leantaí ba léir go raibh an-chur amach acu ar na straitéisí céanna. Cuireadh go leor straistéisí i bhfeidhm ó foilsíodh an tuairisc MSU-BCF. Mar shampla, cláraíodh múinteoirí uile na scoile le ranganna.com ag tús na scoilbhliana 2016 agus d'fhreastail roinnt múinteoirí ar dhianchúrsa Gaeilge faoi scáth COGG. Tá na múinteoirí le moladh as ceachtanna gramadaí a chur ar fáil go rialta dá gcomhghleacaithe sa scoil féin. Maidir le cur chun cinn litearthacht na Gaeilge i measc na scoláirí, tá Coiste na Gaeilge an-ghníomhach sa scoil. Cuirtear béim rialta ar ghnéithe áirithe den ghramadach agus ar bhotúin chomónta, an t-alt agus inscne focal, mar shampla, i gceachtanna ar bhonn scoile uile. Cuirtear úrscéalta Gaeilge ar leabharliostaí na ranganna sóisearacha chun cur lena saibhreas Gaeilge. Cuirtear béim ar eochairfhocail agus saintéarmaíocht i ngach ábhar. Eagraítear turais Ghaeltachta do scoláirí a chuidíonn lena bhfeasacht teanga agus chultúir. Bíonn comórtais ann don

	"Gaeilgeoir is Fearr" i ngach rang agus ghnóthaigh an scoil an gradam 'Gaelbhratach' i mbliana. Tá an scoil le moladh as measúnú agus athbhreithniú rialta a dhéanamh ar dhul chun cinn na straitéisí.
Moltar a chinntiú go bhfuil na cinntí scoile maidir le féinmheastóireacht scoile á gcur i bhfeidhm go córasach ar bhonn scoile uile.	**Dul chun cinn maith** Léirigh suirbhé scoile a rinneadh le déanaí go raibh an chuid ba mhó de na múinteoirí ag cur líon mór de na cinntí faoin litearthacht i bhfeidhm agus go raibh céatadán ní b'ísle ag cur na gcinntí uimhearthachta i bhfeidhm. Breathnaíodh ar roinnt ceachtanna agus ar obair na scoláirí; tugadh faoi deara go raibh úsáid mhaith á baint as na straitéisí ach go raibh mionchinntí eile ann, córas aontaithe maidir le ceartú botún gramadaí, mar shampla, nach raibh á gcur i bhfeidhm go forleathan go fóill. D'aontaigh an fhoireann bainistíochta shinsearach go raibh tuilleadh dul chun cinn le déanamh go fóill ar bhonn scoile uile sa ghné seo den obair.
Moltar breis béime a leagan ar mhúnlaí cainte agus scríbhneoireachta a mhúineadh go córasach tríd an scoil.	**Dul chun cinn an-mhaith** Tugadh faoi deara sna ceachtanna a breathnaíodh an bhéim an-mhaith a leagadh ar mhúnlaí cainte agus scríbhneoireachta a chleachtadh, i gcóipleabhair na scoláirí agus ar an gclár fógraí sna seomraí ranga. Cuirtear scrúduithe go rialta ar scoláirí chun an dul chun cinn san fhoghlaim a mheas**.**
Achoimre ar na cinntí	
Bhíothas an-sásta leis an dul chun cinn a bhí déanta go dtí seo leis na príomh-mholtaí a rinneadh sa tuairisc MSU-BCF in 2014. Bhí béim an-mhaith ar litearthacht na Gaeilge sna ceachtanna a breathnaíodh mar chuid den chigireacht leantach. Tá an fhoireann bainistíochta shinsearach ag déanamh a sár-dícheall agus tá an fhoireann teagaisc ag freagairt go maith dó sin.	
Moltaí	
• Ní thagann aon mholtaí eile chun cinn maidir leis na moltaí a rinneadh sa bhuntuairisc. B'fhiú do phobal na scoile smaoineamh ar líon na straitéisí in aghaidh na bliana a laghdú agus díriú ar chúpla straitéis a bhaint amach go céimniúil gach bliain.	

Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn, agus beidh freagra an bhoird ar fáil san aguisín atá leis an tuairisc seo.

Aguisín

Freagra na scoile ar an Tuairisc

Arna chur isteach ag an mBord Bainistíochta

Cuid A: Tuairimí ar ábhar na tuairisce scoile

Tá Bord Bainistíochta Choláiste Mhuire buíoch don aischothú dearfach a tugadh sa chigireacht leantach. Is ábhar spreagtha atá ann d'fhoireann agus scoláirí na scoile.

Cuid B: Gníomhartha leantacha a rinneadh nó atá beartaithe le déanamh ó cuireadh críoch leis an ngníomhaíocht chigireachta chun tátail agus moltaí na cigireachta a chur i bhfeidhm

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

Follow-Through Inspection

Ainm na scoile/ School name	Coláiste Mhuire
Seoladh na scoile/ Scholl address	Ratoath Road Dublin 7
Uimhir rolla / Roll number	60450U

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

Follow-Through Inspection

The original report was written in Irish. An English translation is provided here.

ORIGINAL INSPECTION DETAILS	**FOLLOW THROUGH INSPECTION DETAILS**
Type: WSE-MLL	**Date of Inspection:** 19-05-2017
Date of Inspection: 05-12-2014	
Report Published: Yes	

Follow-through inspection activities

The following activities took place in the course of the follow-through inspection

- Meeting with senior management team
- Meeting with relevant teachers/members of staff
- Review of school documentation and students' work
- Observation of teaching and learning
- Interaction with students

Recommendation in original inspection report	**Progress achieved to date on implementation of recommendation**
It is recommended that further discussion be carried out among the staff on Irish language literacy and that strategies for improvement be agreed to develop staff and student awareness of this.	**Very good progress** An examination of school records indicates that strategies to develop Irish language literacy are discussed regularly by staff and the board of management. In conversations which the inspector held with teachers and students during the follow-through inspection, it was evident that there was very good awareness and familiarity with these strategies. Many strategies for improvement have been implemented since the publication of the WSE-MLL report. For example, all teachers in the school registered with ranganna.com at the start of the 2016 school year and some teachers attended an intensive Irish course under the auspices of COGG. Members of staff are to be commended for providing grammar lessons regularly for their colleagues in the school. In relation to the development of Irish language literacy among students, there is a very active Irish Language Committee in the school. Regular emphasis is placed during lessons on particular aspects of grammar and common mistakes, the article and gender of words for example. Irish language novels are included on booklists for the junior classes to enrich students' linguistic competence. Lessons include an emphasis on key words and specialised terminology in every subject. Gaeltacht

	excursions are organised for students to raise their awareness of language and culture. There is a competition for “An Gaeilgeoir is Fearr” in every class and the school was awarded the ‘Gaelbhratach’ this year. The school is commended for regularly assessing and reviewing the progress made in regard to the implementation of the strategies.
It is recommended that school decisions in relation to school self-evaluation are implemented systematically on a whole-school basis	**Good progress** The results of a recent school survey demonstrated that the vast majority of teachers were implementing a great number of the school decisions in relation to literacy and that a smaller percentage were implementing the numeracy strategies. Some lessons and samples of students’ work were observed during this evaluation; it was evident that many of the strategies were being implemented effectively. There were other minor strategies, including an agreed system for correcting grammatical errors, which were still not being implemented widely. The senior management team agreed that there was still further progress to be made in this area on a whole-school basis.
It is recommended that further emphasis be placed on accurate written and oral sentence construction systematically throughout the school.	**Very good progress** The very good emphasis which was placed on practising accurate forms of speech and writing was noted in the lessons observed, in students’ copies and on the notice boards in classrooms. Students’ progress in this area of learning is regularly assessed.
Summary of findings	
Very good progress has been made to date in relation to the implementation of the main recommendations contained in the WSE-MLL report in 2014. There was a very good emphasis placed on Irish language literacy in the lessons observed as part of the follow-through inspection. The senior management team is doing its utmost and the teaching staff are responding well to that.	
Recommendations	
• No further recommendations arise in addition to the recommendations which were made in the original report. The school community should consider reducing the number of strategies to be implemented annually and focus on implementing a smaller number of strategies incrementally every year.	

The board of management was given an opportunity to comment in writing on the findings and recommendations of the report, and the response of the board will be found in the appendix of this report.

Appendix

School response to the report

Submitted by the Board of Management

Part A: Observations on the content of the inspection report

The board of management of Coláiste Mhuire welcomes the positive feedback contained in the follow-through inspection report. It is a source of great encouragement to the staff and students of the school.

Part B: Follow-up actions planned or undertaken since the completion of the inspection activity to implement the findings and recommendations of the inspection

{This is a translation of the school response submitted by the board of management}

Published September 2017 / Foilsithe Meán Fómhair 2017